

Creidimid gur ceart duit bheith páirteach i bpleananna nó socruithe ar bith a bhaineann le do shaol. Tabharfar cóip de do scéal agus an plean duit chun cabhrú leat coinneáil sábháilte.

## Conas is féidir le m'oirbí sóisialta cabhrú liom?

Tá d'oirbí sóisialta anso le tacú leat agus cabhrú leat caonneáil sábháilte. Thig leo:

- éisteacht leat in áit phríobháideach, chompordach;
- cabhrú leat smaoineamh ar na rudaí maithe agus olca i do shaol agus ar do thodchaí;
- eolas a thuigeann tú a thabhairt duit;
- eolas a roinnt le daoine eile nuair is gá leis amháin;
- meas a léiriú ort agus ar do theaghlach.

Tá sé tábhachtach dúinn go ndéanann muid jab maith agus go cuidíonn muid leat agus le do theaghlach fanacht slán. Má tá muid ag déanamh oibre maithe, abair linn le do thoil, nó má shíleann tú go dtig linn níos fearr a dhéanamh labhair le d'oirbí sóisialta nó a mbainisteoir – a thugtar Ceann Foirne orthu. Seo iad a gcuid uimhreacha. D'fheadfá a iarraidh ar dhuine fásta cuidiú leat leis seo.

Ainm & Uimh Guth an Oibrí Sóisialta:

---

Ainm & Uimh. Guth. an Chinn Foirne:

---

Murar féidir leo cabhrú leat agus tá tú inní ort faoi rud éigin is féidir leat cabhair a fháil trí theagmháil a dhéanamh linn:

Rphost: [tellus@tusla.ie](mailto:tellus@tusla.ie)

Guthán 01 7718500 (Glaogh 9r.n. go dtí 5i.n. Luan - Aoine)

Téacsáil 086 014 2775.

# TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach  
Child and Family Agency

## Eolas do Pháistí maidir le hOibre Sóisialta

signs  
OF  
safety®

## Cé muid agus cad é a dhéanaimid?

Is í Tusla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach in Éirinn atá freagrach as leanaí a choinneáil slán agus cosanta ó dhíobháil.

Oibríonn oibríthe sóisialta i gcomhar le paistí agus a gcuid teaghlaigh nuair a bhíonn cúis imní ann maidir le leas, cosaint nó sábháilteacht linbh.

Is é ról an oibrí sóisialta labhairt leat agus na daoine a bhfuil aithne acu ort agus a bhfuil grá acu duit le go dtig leo fáil amach cad a tharla.

Ba mhaith le d'oibrí sóisialta rudaí a athrú, agus cúrsaí sa bhaile a fheabhsú. Thig leat cabhrú leo foghlaim cé a chaithfidh siad labhairt leo agus cé a chabhraíonn leat mothú sábháilte.

## Conas a chabhróidh m'oibrí sóisialta liom??

Ba cheart go mothaíonn gach páiste sona sábháilte ina dteaghlaigh féin. Ar an drochuair, ní tharlaíonn seo i gcónaí. In amanna deireann nó déanann mamaithe nó daidithe nó daoine eile rudaí a ghortaíonn nó a scanraíonn páistí.

Ba mhaith le d'oibrí sóisialta bualadh leat le go dtig leo cloisteáil faoi do shaol agus cabhrú rudaí a fheabhsú.


Le tuilleadh eolais a fháil labhróidh d'oibrí sóisialta leat, leis an daoine a thugann áire duit gach lá, agus leis na daoine i do theaghlach a bhfuil aithe acu ort agus a bhfuil grá acu duit. Labhróidh said foasta le daoine ar nós do mhuinteora nó daoine eile a fheiceann tú go rialta.

## Cad iad na ceisteanna a chuirfidh m'oibrí sóisialta orm?

Cuirfidh d'oibrí sóisialta ceisteanna ort fút féin agus faoi do theaghlach. Ba mhaith le d'oibrí sóisialta fáil amach faoi:

- na rudaí maithe i do shaol;
- na rudaí a chuireann imní ort;
- na rudaí a ba mhaith leat a fheabhsú;
- an rud is mó a ba mhaith leat; agus
- cé a chaithfidh cloisteáil faoi na rudaí maithe agus do chuid buarthaí.

Cabhróidh d'oibrí sóisialta leat labhairt ar do chuid smaointí agus mothúcháin le gléas a thugtar 'Mo Thrí Theach' air.



## Cad e a tharlaíonn i ndiaidh do m'oibrí sóisialta labhairt liom?

I ndiaidh dóibh labhairt le gach duine, iarrfaidh siad ar do mham nó do dhaid scéal a scríobh duit. Cabhróidh a scéal leat tuigbheáil cé atá buartha fút agus cad é atá siad baurtha faoi. Cumfaidh muid plean sábháilteachta le chéile a thaispeánfaidh do gach duine an dóigh le tú a choinneáil sábháilte.

## Cén chuma a bheas ar an phlean seo?

Is féidir go mbeadh an plean cosúil le teach sábháilteachta a léiríonn do gach duine cad é mar atá an saol sa bhaile duit:

- cé a ba cheart bheith ina gcónaí ansin;
- cé hiad na daoine nár cheart teacht ar cuairt; agus
- cé hiad na daoine nach bhfuil sábháilte, dar leat.

Is féidir go mbeadh rialacha ag an teach sábháilteachta le go dtuigeann gach duine an dóigh le tú a choinneáil slán agus cé a chabhróidh leis seo.

